Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10298/24**

**COMPET 589**
**MI 538**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Bealtaine 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9715/24 + ADD1 REV 1 |
| Ábhar: | Margadh aonair chun tairbhe do chách<br>*- conclúidí ón gComhairle (formheasta an 24 Bealtaine 2024)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le margadh aonair chun tairbhe do chách, a d’fhormheas an Chomhairle (Iomaíochas) ag an 4026ú cruinniú a bhí aici an 24 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MARGADH AONAIR CHUN TAIRBHE DO CHÁCH**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DI:

- na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2023[1], ina n-iarrtar go ngníomhófaí go huaillmhianach chun an margadh aonair a thabhairt chun críche;
- na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 29 agus an 30 Meitheamh 2023[2], ina n-iarrtar go ndéanfaí Tuarascáil Ardleibhéil neamhspleách maidir le todhchaí an mhargaidh aonair a thíolacadh agus ina n-iarrtar ar uachtaránachtaí inteachta na Comhairle agus ar an gCoimisiún leanúint den obair sin i gcomhar leis na Ballstáit;
- na conclúidí ón gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 17 agus an 18 Aibreán 2024 maidir le comhaontú nua maidir le hiomaíochas, go háirithe ina n-iarrtar go gceapfaí straitéis chothrománach nua don mhargadh aonair faoi mhí an Mheithimh 2025[3];
- tuairim mhíniúcháin Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa dar teideal 'Straitéis Eorpach nua i dtaca leis an margadh inmheánach'[4] a glacadh sa seisiún iomlánach an 17 agus an 18 Eanáir 2024;

---

[1] EUCO 4/23
[2] EUCO 7/23
[3] EUCO 12/24
[4] SOC/1043 – EESC-2023-03693-00-00-AC-TRA (GA)

- an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'[5], lena rianaítear torthaí na naoi spreagthach a cuireadh i láthair sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030[6] agus ina bhfuiltear ag obair i dtreo na gcuspóirí a leagtar amach inti agus sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '30 Bliain den Mhargadh Aonair'[7];

## I. <u>An gá atá le straitéis chothrománach nua don mhargadh aonair</u>

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról lárnach atá ag an margadh aonair mar cheann feadhna ar chomhtháthú na hEorpa, ar an bhfás inbhuanaithe cuimsitheach agus ar neart domhanda an Aontais; I ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le margadh aonair lánfheidhmiúil mar réamhriachtanas bunriachtanach don iomaíochas agus don rathúnas fadtéarmach, chun na haistrithe córa, glasa agus digiteacha a bhaint amach, lena n-áiritheofar cothrom na Féinne ionas nach bhfágfar aon duine ar lár; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le céimeanna nithiúla a áireamh i dtreo comhtháthú breise, bacainní nach bhfuil údar leo nó atá díréireach a bhaint – go háirithe i gcás seirbhísí – agus srianta ar shaorghluaiseacht a chosc i straitéis nua chothrománach don mhargadh aonair; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór margadh aonair lánfheidhmiúil a bheith bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta;

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór breis oibre a dhéanamh chun slándáil eacnamaíoch, athléimneacht agus iomaíochas an Aontais a choinneáil ar bun, chun geilleagar sóisialta margaidh agus bonn tionsclaíoch an Aontais a athbheochan, chun nascacht an Aontais a fheabhsú a thuilleadh agus chun athléimneacht shlabhraí soláthair an Aontais a neartú, chomh maith le borradh a chur faoi cheannaireacht theicneolaíoch agus faoi tharraingteacht an Aontais mar shuíomh gnó agus mar mhargadh saothair inar féidir le FBManna a bheith nuálach, rathúil agus tabhairt faoi uas-scálú; CUIREANN SÍ i dTREIS nach mór fís gheopholaitiúil straitéiseach a bheith ag an margadh aonair chun a rathú go mbainfear amach na spriocanna sin – eadhon neamhspleáchas straitéiseach an mhargaidh aonair – agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna, agus aeráidneodracht á baint amach;

---
[5] 6622/24
[6] 7604/23
[7] 7278/23

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuirfidh comhtháthú breise an mhargaidh aonair ar chumas an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta a mhéid a bhaineann le cosaint an chomhshaoil agus le hurraim do chearta an duine; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go mbeidh drochthionchar ag an neamhghníomhaíocht chomhshaoil agus ag rioscaí aeráide ar an margadh aonair; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról ríthábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag an margadh aonair chun tógáil ar an gComhaontú Glas don Eoraip ionas go mbainfear tairbhe as an inbhuanaitheacht agus an iomaíochas;

4. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag an mbeartas comhtháthaithe chun fás inbhuanaithe fadtéarmach a spreagadh agus chun comhtháthú agus cóineasú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta a chur chun cinn; CUIREANN SÍ i dTREIS go bhfuil margadh aonair láidir fite fuaite leis an mbeartas comhtháthaithe lena laghdaítear éagothromaíochtaí sóisialta agus réigiúnacha, rud a chuireann ar chumas na réigiún, na saoránach, na dtomhaltóirí agus na ngnólachtaí uile, go háirithe FBManna, leas a bhaint as an margadh aonair;

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an margadh aonair do phróisis mhéadaithe atá le teacht mar chuid de choincheap níos leithne an chomhtháthaithe chéimsigh;

6. MEABHRAÍTEAR DI nach mór don mhargadh aonair réitigh chuimsitheacha a chur ar fáil, agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá rochtain ar sheirbhísí leasa ghinearálta ardcháilíochta inacmhainne, go háirithe i gcás cliseadh margaidh, agus aird a thabhairt ar na réigiúin sin is forimeallaí, agus nach bhfuil chomh forbartha céanna, chun muinín na saoránach, na n-oibrithe, na dtomhaltóirí agus na ngnólachtaí as an margadh aonair a neartú; i ndáil leis an méid sin, LEAGAN SÍ BÉIM AR a phráinní atá an infheistíocht sna seirbhísí sin agus rochtain ar na seirbhísí sin;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chaint a tharraing tuarascáil ardleibhéil neamhspleách Enrico Letta[8] dar teideal *Much more than a Market* [Margadh thar an gCoitantacht], tuarascáil a chuirfidh leis an bplé ar thosaíochtaí an chéad timthrialla reachtaigh eile (2024-2029) agus TÁ SÍ AG SÚIL GO MÓR le tuarascáil Mario Draghi maidir le hiomaíochas na hEorpa;

---

8 https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf

## II. <u>Ag obair i dtreo creat rialála a bheidh comhleanúnach, éifeachtúil agus slán i bhfad na haimsire</u>

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le simpliú práinneach uaillmhianach a dhéanamh ar chreat rialála an Aontais (*choc de simplification*), chun fíorchothroime iomaíochta a ráthú, chun timpeallacht atá fabhrach do ghnó a áirithiú agus chun infheistíochtaí agus iomaíocht, chomh maith le taighde agus nuálaíocht, a chothú, agus caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta an Aontais á bhfeabhsú ag an am céanna, lena n-áirítear cosaint tomhaltóirí;

**<u>Leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an gcóras atá ann faoi láthair</u>**

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a neartú a thuilleadh ar fud an Mhargaidh Aonair trí chomhchuibhiú agus trí aitheantas frithpháirteach;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibleagáidí riaracháin nach bhfuil gá leo a bhaint agus a chosc, lena n-áirítear leanúint de thionscnamh an Choimisiúin maidir le ceanglais tuairiscithe a laghdú 25 %, ar a laghad, go háirithe i gcás FBManna, agus a áirithiú, ag an am céanna, nach ndéanfaidh roghanna simplithe agus laghdaithe an margadh aonair a ilroinnt ná spriocanna beartais an Aontais agus na caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta a chur i mbaol;

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbraitheann creat rialála éifeachtach ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú ceart agus tráthúil; Agus an méid sin á chur san áireamh, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na huirlisí beartais agus forfheidhmithe uile atá ann cheana a chuíchóiriú, a threisiú agus leas a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar obair leantach, ar bhealach níos éifeachtúla, ar bhacainní struchtúracha arna sainaithint ag an nGréasán um Fhadhbanna sa Mhargadh Inmheánach a Réiteach (SOLVIT) agus ag Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (SMET); IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a dhíriú ar an reachtaíocht atá ann cheana a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar rialáil nach bhfuil gá léi agus í a chosc; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le spriocanna is féidir a bhaint amach agus spriocdhátaí pragmatacha cur chun feidhme do ghníomhartha reachtacha nua;

12. MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint den fhaireachán leanúnach a dhéanann sé ar staid an mhargaidh aonair agus ar an iomaíochas tríd an timthriall bliantúil beartais agus béim a leagan ar shaincheisteanna leanúnacha ar ghá aghaidh a thabhairt orthu; MOLANN SÍ go n-áireofaí spriocanna agus feidhmíochtaí fadtéarmacha sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair agus ar an Iomaíochas;

**An bealach a réiteach le haghaidh rialáil níos fearr**

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tionscnaimh reachtacha ábhartha chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a meastar go mbeidh tionchar suntasach acu, ar tionscnaimh iad a mbeidh measúnú tionchair ardcháilíochta tráthúil, comhsheasmhach agus *ex-ante* ag gabháil leo a chomhlíonfaidh na tástálacha uile is infheidhme; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na gnéithe seo a leanas a urramú:

(i) Sineirgí i seiceálacha ar mheasúnú tionchair a áirithiú, ar bhealach comhtháite agus pragmatach, go háirithe tástálacha eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, an tseiceáil ar iomaíochas agus tástáil FBManna, agus béim ar leith á leagan ar an ngné réigiúnach, chríochach agus áitiúil, lena n-áirítear do na réigiúin is forimeallaí nó do na réigiúin bheagfhorbartha;

(ii) Tionchair charnacha na n-oibleagáidí nua a mheas go córasach, lena n-áirítear ar leibhéal na mBallstát, chomh maith le dúbailt rialála nó forálacha neamhréireacha a sheachaint, go háirithe ar leibhéal na hearnála, agus caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta an Aontais, lena n-áirítear cosaint tomhaltóirí, á gcaomhnú agus á bhfeabhsú ag an am céanna;

(iii) Measúnuithe tionchair dinimiciúla agus seiceálacha dinimiciúla a mheas lena soiléirítear agus lena gceadaítear tionchar na roghanna beartais a thomhas a mhéid is féidir;

(iv) Measúnú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar na caighdeáin sláinte, chomhshaoil agus chearta an duine is infheidhme san Aontas agus i dtríú tíortha, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus le ceanglais EDT;

14. Meabhraíonn sí an pháirt ríthábhachtach atá ag luathchomhairliúchán leormhaith leis na comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus leis na páirtithe leasmhara i gcomhthéacs thionscnaimh an Choimisiúin, agus prionsabal an bhailiúcháin aonuaire maidir le faisnéis bhunriachtanach á urramú; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le glaonna cáilíochtúla ar fhianaise;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart bearta an mhargaidh aonair a bheith bunaithe ar fhíricí agus ar riachtanais ó ghnólachtaí, ó oibrithe agus ó shaoránaigh agus gur cheart gníomhaíochtaí nithiúla a bheith mar thoradh orthu chun bacainní nach bhfuil údar leo nó atá díréireach a bhaint agus a chosc, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt arís ar bhacainní teicniúla ar thrádáil laistigh den mhargadh aonair; IS DÍOL SÁSAIMH DI ionchur luachmhar na bpáirtithe leasmhara maidir leis na bacainní nithiúla a bhíonn rompu sa chleachtas agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís chríochnúil a dhéanamh ar an ionchur sin don straitéis nua;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ionstraimí úsáideacha iad clásail tástála agus boscaí gainimh rialála le haghaidh creat rialála athléimneach atá fabhrach don nuálaíocht, atá bunaithe ar fhianaise agus lenar féidir iomaíochas a spreagadh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do na clásail tástála agus do na boscaí gainimh rialála prionsabal an réamhchúraim go háirithe a urramú, agus rannchuidiú go dearfach le comhtháthú an mhargaidh aonair;

**<u>Ag tógáil ar phrionsabail an mhargaidh aonair</u>**

17. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le creatdálaí a ráthú lena gcuirfear ar chumas FBManna a bheith nuálach, rathúil agus tabhairt faoi uas-scálú; chomh maith le timpeallacht atá fabhrach do lucht gnó lena gcuirfear ar chumas gnólachtaí agus go háirithe FBManna lántairbhe a bhaint as deiseanna an mhargaidh aonair, lena n-áirítear tríd an bprionsabal ‘Tús Áite d’Fhiontair Bheaga’ a chothú, go háirithe agus reachtaíocht á ceapadh agus meastóireacht á déanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana, agus trí phrionsabal na haonuaire a chothú agus faisnéis á bailiú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil tionchar ag boilsciú ard ar thairseach FBManna nach mór aghaidh a thabhairt air;

18. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá úsáid na n-uirlisí digiteacha, tríd an gcur chuige ‘digiteach mar réamhshocrú’ a chórasú; agus AITHNÍONN SÍ acmhainneacht dhigiteáil na bpróiseas maidir le comhlíonadh a shimpliú, mar shampla i réimse an aitheantais do cháilíochtaí gairmiúla agus i soláthar seirbhísí trasteorann; Agus an méid sin á chur san áireamh, IARRANN SÍ ar na Ballstáit feabhas a chur ar chur chun feidhme na Tairsí Aonair Digití agus ar a rannpháirtíocht i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí atá ar na bacáin;

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar chleachtais éagóracha tráchtála, ar nós décháilíocht earraí bia, agus gníomhaíochtaí trasteorann gnólacht le gnólacht a shaobhann an margadh, chun tairbhe tomhaltóirí agus cuideachtaí; IARRANN SÍ go n-áiritheofaí go ndéanfar tomhaltóirí a chosaint go héifeachtach agus go dtabharfaí de chumhacht dóibh rannchuidiú go gníomhach leis na haistrithe córa, glasa agus digiteacha;

## III. Tairbhí féideartha an mhargaidh aonair a fheabhsú

**Infheistíocht a dhéanamh sna haistrithe córa, glasa agus digiteacha**

20. Agus cothroime iomaíochta á háirithiú laistigh den mhargadh aonair agus í á cur chun cinn ar fud an domhain, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le meascán de mhaoiniú príobháideach agus poiblí araon a shlógadh, lena n-áirítear trí mhargaí caipitil Eorpacha fíor-chomhtháite a chruthú, chun tacú le haistrithe córa, glasa agus digiteacha agus chun acmhainneacht fáis ghnólachtaí na hEorpa a spreagadh, agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil ról tábhachtach i gcónaí ag buiséad an Aontais agus ag grúpa BEI; LEAGANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé borradh a chur faoi iomaíochas agus tarraingteacht dhomhanda an Aontais;

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís dhomhain a dhéanamh ar an gcreat reachtach um sholáthar poiblí atá ann cheana chun soláthar poiblí atá athléimneach agus inbhuanaithe a bhaint amach mar aon le hiomaíocht éifeachtach, a mheas an bhfuil gá le hathbhreithniú le linn théarma 2024-2029 i bhfianaise na ngealltanas mór a rinne an tAontas chun a chuspóirí forbartha inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030, agus cóir chothrom do sholáthróirí Eorpacha á cur chun cinn ag an am céanna;

**Seirbhísí trasteorann a chur ar fáil agus poist ardcháilíochta a chothú**

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir go bhfuil deiseanna suntasacha nár baineadh leas astu i réimse na seirbhísí; agus LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le deireadh a chur le hilroinnt, agus na rialacha maidir le soláthar trasteorann seirbhísí a shimpliú, nach bhfuil teoranta do raon feidhme na Treorach um Sheirbhísí, chun deiseanna iomlána na hearnála seirbhísí a thapú, agus cearta oibrithe á n-áirithiú ag an am céanna, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) díriú ar sheirbhísí cothrománacha agus ar sheirbhísí atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de, go háirithe i seirbhísí gairmiúla agus gnó, i bhfianaise na seirbhísíochta;

    (ii) gníomhaíochtaí nithiúla a chur ar fáil a mbeidh céimeanna nithiúla ag gabháil leo chun dul i ngleic le bacainní maidir le seirbhísí i ngach éiceachóras agus earnáil ábhartha;

23. LEAGANN SÍ BÉIM AR rannchuidiú luachmhar an gheilleagair shóisialta maidir leis an margadh aonair a neartú chun na haistrithe córa, glasa agus digiteacha a dhéanamh níos cuimsithí agus chun iad a fhréamhú i bpobail áitiúla;

24. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an fás inbhuanaithe agus an t-iomaíochas a chomhcheangal le dálaí oibre cothroma, le dul chun cinn sóisialta, agus le comhdheiseanna trí dhlús a chur le saothrú phríomhspriocanna 2030;

25. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht[9] ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé beartais a shaothrú i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, i bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

26. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé lucht saothair ardoilte a bheith ar fáil, a fhorbairt agus a choinneáil chun feidhmiú an mhargaidh aonair a fheabhsú a thuilleadh agus chun ganntanais lucht saothair a chosc; IARRANN SÍ, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rochtain ar oideachas, oiliúint, athsciliú agus uas-sciliú atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach agus foghlaim ar feadh an tsaoil a áirithiú do chách, chun poist ardcháilíochta a chur chun cinn agus dálaí oibre a fheabhsú, agus soghluaisteacht ghairmiúil, chothrom agus éifeachtach mar aon le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla san Aontas á n-áirithiú ag an am céanna; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá cómhargáil threisithe agus idirphlé sóisialta a chothú agus leagann sí béim ar ról na gcomhpháirtithe sóisialta chun oiriúnú solúbtha agus cuimsitheach a áirithiú do na hathruithe atá ar na bacáin i margadh saothair na hEorpa, ar nós athruithe déimeagrafacha;

27. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le taighde, nuálaíocht agus oideachas a leabú i gcroílár an mhargaidh aonair, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna, agus luachshocrú eolais níos éifeachtaí, tionchar sochaíoch agus glacadh sa mhargadh a neartú trí ghiaráil ar infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht;

**<u>Slabhraí soláthair athléimneacha a chothú laistigh den Aontas agus ar fud an domhain</u>**

28. LEAGANN SÍ BÉIM AR an bpoitéinseal a bhaineann le saorghluaiseacht mhéadaithe ábhar, táirgí agus seirbhísí a chruthaítear trí gheilleagar ciorclach an Aontais a fheabhsú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar na scrogaill ábhartha i dtionscal na hathchúrsála; i ndáil leis sin, IARRANN SÍ go n-áiritheofaí, i gcomhréir le rialacha EDT, cothroime iomaíochta ina gcomhlíonann táirgí a allmhairítear isteach sa mhargadh aonair caighdeáin ábhartha do dhaoine, do phlandaí, d’ainmhithe agus don chomhshaol, agus trí reachtaíocht ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, ar nós an Rialacháin maidir le hÉicidhearthóireacht;

[9] 6681/23 + COR 1

29. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá ag Aontas rathúil aeráidneodrach le tionscal iomaíoch a bhfuil bonn láidir monaraíochta aige, atá fréamhaithe i margadh aonair lánfheidhmiúil, agus fíorchothroime iomaíochta á choinneáil ag an am céanna; agus IARRANN SÍ go mbeadh creat beartais tionsclaíoch Eorpach ann atá cuimsitheach, réamhghníomhach agus dírithe ar an todhchaí, chun cuidiú le todhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach Eorpach a thógáil;

30. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach don Aontas faireachán a dhéanamh ar rioscaí sa slabhra soláthair, iad a thuar agus a mhaolú, aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha agus slándáil eacnamaíoch a áirithiú;

31. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé beartas trádála uaillmhianach, láidir, oscailte agus inbhuanaithe a shaothrú lena gceadaítear comhaontuithe trádála córa, lena n-osclaítear margaí tríú tíortha do ghnólachtaí Eorpacha, lena gcosnaítear leasanna an Aontais, lena gceadaítear do shlabhraí soláthair athléimneacha iontaofa forbairt, lena ráthaítear fíorchothroime iomaíochta agus lena gcruthaítear deiseanna cómhalartacha maidir le rochtain ar an margadh; LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá leis an gcóras trádála iltaobhach, oscailte, riailbhunaithe a neartú agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ina chroílár;

32. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige straitéiseach an Aontais maidir le caighdeánú idirnáisiúnta a fhorbairt a thuilleadh[10] chun go mbeidh an tAontas ina cheannródaí domhanda maidir le caighdeáin a leagan síos, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do cheannaireacht i bpríomhtheicneolaíochtaí, go háirithe i gcomhthéacs na n-aistrithe córa, glasa agus digiteacha; Chun forbairt caighdeán a chur chun cinn lena n-áiritheofar réitigh mhargadhbhunaithe agus phraiticiúla amach anseo bunaithe ar an gCreat Reachtach Nua, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa Chóras Eorpach um Chaighdeánú agus a fheidhmiú a fheabhsú, lena n-áirítear tagairtí tráthúla do chaighdeáin chomhchuibhithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(ii) rannpháirtíocht níos gníomhaí a chur chun cinn i measc na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra agus na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú chomh maith le páirtithe leasmhara a mbíonn tionchar acu ar chaighdeáin idirnáisiúnta, go háirithe gnólachtaí Eorpacha, lena n-áirítear FBManna;

(iii) tacú le pobal gnó na hEorpa, lena n-áirítear FBManna, caighdeáin ardcháilíochta a fhorbairt ar bhealach comhordaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, i gcomhréir le prionsabail EDT.

[10] COM 2022/31 final

## IV. Glao ar ghníomhaíocht chomhpháirteach

33. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit obair leantach a dhéanamh ar na Conclúidí seo ón gComhairle chun an margadh aonair a fheabhsú agus a chomhtháthú ar bhonn leanúnach tríd an timthriall bliantúil beartais don mhargadh onair agus don iomaíochas; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún é féin a bhunú ar Thuarascáil Bhliantúil fheabhsaithe maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas ina léirítear cleachtais agus dúshláin gnólachtaí agus saoránach;

34. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún straitéis chothrománach nua a ghlacadh le haghaidh margadh aonair nuachóirithe faoi mhí an Mheithimh 2025 arb é is aidhm di ilroinnt a laghdú agus an margadh aonair a chomhlánú ar fud na réimsí beartais, lena n-áirítear treochlár ina mbeidh amlínte agus garspriocanna soiléire le haghaidh gníomhaíochtaí práinneacha nithiúla i ngach réimse beartais, bunaithe ar fhíorais agus ar riachtanais ó ghnólachtaí, ó chomhpháirtithe sóisialta, ó pháirtithe leasmhara agus ó shaoránaigh, lena ndíreofar ar rialacha iomarcacha, neamhleanúnacha nó troma;

35. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailísí teicniúla agus fíorasacha a fhorbairt ar na moltaí sa Tuarascáil Ardleibhéil sna réimsí beartais ábhartha uile agus iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún scrúdú domhain a dhéanamh orthu sin agus príomh-mholtaí a shainaithint; Tógfaidh Uachtaránacht reatha na Comhairle agus uachtaránachtaí na Comhairle a bheidh ann amach anseo obair ar aghaidh ar na moltaí sainaitheanta ar bhonn na n-anailísí sin, d’fhonn limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú ina n-áiritheofar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil ar mhaithe le cách;

36. IARRANN SÍ ar uachtaránachtaí inteachta na Comhairle a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar na Conclúidí seo i ndlúthchomhar leis na meithleacha ábhartha.